

## An saol ar ais mar a bhí

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi shrianta COVID-19 a mhaolófar an tseachtain seo. Ná féach ar an mír go fóill. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí liosta de na srianta sin a chuirfear deireadh leo.



### Ceist 2

Féach tú féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann tú iad?

1. sluaite \_\_\_\_\_
2. beartais sláinteachais \_\_\_\_\_
3. beartais sábháilteachta \_\_\_\_\_
4. i bhfianaise \_\_\_\_\_
5. teorainn \_\_\_\_\_
6. teastas digiteach \_\_\_\_\_
7. tástálacha antaigine \_\_\_\_\_
8. gartheagmhálaí \_\_\_\_\_
9. íogair \_\_\_\_\_
10. teanndáileog \_\_\_\_\_

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideoidh sin libh.

### Ceist 3

Féach ar an mír arís agus pléigh ábhar na míre leis an duine in aice leat. Déanaigí liosta eile le chéile de na srianta a luadh sa mhír. An bhfuil an liosta sin cosúil leis an liosta a scríobh sibh roimh fhéachaint ar an mír?

### Ceist 4

'...Bhí sé i gceist...'

Féach ar na briathra mírialta san aimsir chaite sa tábla. Bainigí úsáid as na briathra sin chun ceisteanna a chur ar a chéile faoin saol a bhí agaibh sa bhliain 2020.

Abair	Dúirt
	An ndúirt...? Ní dúirt
Beir	Rug
	Ar rug...? Níor rug
Bí	Bhí
	An raibh...? Ní raibh
Clois	Chuala
	Ar chuala...? Níor chuala
Déan	Rinne
	An ndearna...? Ní dhearna
Faigh	Fuair
	An bhfuair...? Ní bhfuair
Feic	Chonaic
	An bhfaca...? Ní fhaca
Ith	D'ith
	Ar ith...? Níor ith
Tabhair	Thug
	Ar thug...? Níor thug
Tar	Tháinig
	Ar tháinig...? Níor tháinig
Téigh	Chuaigh
	An ndeachaigh...? Ní dheachaigh

**Ceist 5** ‘...i bhfianaise an fhógra...’

Bain amach na lúbíní sna samplaí thíos agus cuir an fhoirm cheart de na hainmfhocail tar éis na réamhfhocail comhshuite.

tar éis (an samhradh): \_\_\_\_\_  
 le linn (an geimhreadh): \_\_\_\_\_  
 os comhair (an rang): \_\_\_\_\_  
 ag tús (an scannán): \_\_\_\_\_  
 ag deireadh (an obair): \_\_\_\_\_  
 ar feadh (an tseachtain): \_\_\_\_\_  
 le haghaidh (an fheoil): \_\_\_\_\_  
 i gcaitheamh (an tréimhse): \_\_\_\_\_

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Conas atá cúrsaí maidir le COVID-19 in Éirinn faoi láthair, i gcomparáid le tíortha eile?
2. An bhfuil tú sásta go mbeidh deireadh le cuid mhór de na srianta? Cén fáth?
3. Tá an lán athruithe i ndiaidh teacht ar ár saol laethúil de dheasca COVID-19. Cad iad?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Tabhair deich nóiméad nó mar sin do gach beirt plé a dhéanamh ar na srianta a mhaolófar.

### Ceist 2

1. sluaite	<i>crowds</i>
2. beartais sláinteachais	<i>hygiene policies</i>
3. beartais sábháilteachta	<i>safety policies</i>
4. i bhfianaise	<i>in light of</i>
5. teorainn	<i>limit</i>
6. teastas digiteach	<i>digital certificate</i>
7. tástálacha antaigine	<i>antigen tests</i>
8. gartheagmhálaí	<i>close contact</i>
9. íogair	<i>sensitive</i>
10. teanndáileog	<i>booster dose</i>

### Ceist 3

Tabhair deis do gach beirt an liosta a scríobh siad faoi cheist 1 a chur i gcomparáid leis an liosta a scríobh siad tar éis na chéad fhéachana.

### Ceist 4

Seo thíos cúpla ceist shamplach:

1. An raibh tú sa chathair le linn na dianghlasála?
2. Cá raibh tú le linn na dianghlasála?
3. An ndearna tú aon ní difriúil i do ghnáthshaol sa bhliain 2020?
4. An bhfuair tú obair bhaile bhreise?
5. An bhfaca tú aon sraith theilifíse a bhí go maith?
6. Ar ith tú aon rud nua sa bhliain 2020 nár ith tú roimhe sin?
7. Ar thug tú aon chabhair do do theaghlach?
8. Ar tháinig mórán earraí sa phost chugat?
9. An ndeachaigh tú thar lear?

### Ceist 5

tar éis (an samhradh):	<i>tar éis an tsamhraidh</i>
le linn (an geimhreadh):	<i>le linn an gheimhridh</i>
os comhair (an rang):	<i>os comhair an ranga</i>
ag tús (an scannán):	<i>ag tús an scannáin</i>
ag deireadh (an obair):	<i>ag deireadh na hoibre</i>
ar feadh (an tseachtain):	<i>ar feadh na seachtaine</i>
le haghaidh (an fheoil):	<i>le haghaidh na feola</i>
i gcaitheamh (an tréimhse):	<i>i gcaitheamh na tréimhse</i>

### Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

### **Eimear Ní Chonaola**

Déanfar srianta COVID-19 a mhaolú tuilleadh fós Dé hAoine. Beidh cead ag na sluaite filleadh ar imeachtaí móra spóirt. Beidh tithe tábhairne agus bialanna ar ais ar ghnáthuaireanta oscailte agus osclófar clubanna oíche arís. Ach fós féin caithfear beartais sláinteachais agus sábháilteachta a leanacht<sup>1</sup>, a deir an rialtas.

### **Caoimhe Ní Laighin**

Bhí sé i gceist ag an Rialtas deireadh a chur le go leor srianta COVID-19 Dé hAoine seo chugainn, ach i bhfianaise líon na gcásanna den ghalar sa tír a bheith ag ardú i gcónaí, bhí gá le plean úr.

San earnáil fáilteachais leanfar leis na beartais sláinteachais agus sábháilteachta mar theastais vacsaínithe, maisc agus scaradh sóisialta go dtí mí Feabhra. Tioctaidh gnáthuaireanta seirbhíse i bhfeidhm i mbialanna agus i mbeáir arís. Ní bheidh teorainn feasta le líon na ndaoine ag ócáidí laistigh ná lasmuigh.

Bhí go leor cainte roimh an bhfógra inniu faoi chlubanna oíche. Beidh córas na dteastas digiteach i bhfeidhm iontu. Deir an Taoiseach nach féidir aon socrú amháin a fhógairt a bheas feiliúnach do gach rud ach gur féidir leo oscailt a fhad is go ndéantar iad chomh sábháilte agus is féidir.

Ní gá teastas a thaispeáint ag ócáidí sóisialta taobh amuigh níos mó. Ceadófar amharclanna agus ionaid cheoil a líonadh, a fhad is go bhfuil gach uile dhuine ina suí. Ní bheidh teorainn feasta ar líon na ndaoine ag bainiseacha nó searmanais reiligiúnacha. I bhfianaise an fhógra maidir le himeachtaí taobh amuigh, beidh cead páirceanna nó staideanna spóirt a líonadh go hiomlán ón Aoine.

Maidir leis an bhfilleadh ar obair, ba chóir cead a thabhairt do dhaoine filleadh más mian leo agus má tá sé sábháilte dóibh, nó ba chóir cead a thabhairt dóibh oibriú ón mbaile go fóillín.

Beidh rogha níos leithne feasta ag tástálacha antaigine. Faoi mar a sheasann cúrsaí faoi láthair, má dheimhnítear duine éigin atá iomlán vacsaínithe ina ghartheagmhálaí, agus mura mbíonn aon chomharthaí sóirt orthu, ní chuirtear comhairle orthu tástáil PCR a dhéanamh. Ach, fógraíodh inniu go gcuirfear tástáil antaigine chuig na daoine sin feasta.

### **An Dr. Gabriel Beecham, Dochtúir Ospidéal Neamh-Chomhairleach, Ospidéal Beaumont**

Níl tástálacha antaigine chomh híogair céanna agus mar sin bíonn torthaí bréagdhiúltacha ann níos minice, go háirithe mura bhfuil aon rian COVID ag gabháil leis na hothair ag an am sin. Tá seans ann go mbeadh léamh mícheart ag an othar ar an scéal agus go mbeadh tionchar ar an gcaoi a n-iompraíonn daoine iad féin.

### **Caoimhe Ní Laighin**

Tá teandáileoga den vacsaín le tabhairt do dhaoine os cionn seasca bliain d'aois, ach ní raibh sé mar chuid den bhfógra inniu go dtosófar á dtabhairt d'oibrithe sláinte san am atá romhainn.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.

---

<sup>1</sup> *leanúint* an leagan caighdeánach